

Tacair agus oibríochtaí

| | Céim 1 (Naíonáin Bheaga agus Mhóra) | Céim 2 (Rang a hAon agus a Dó) | Céim 3 (Rang a Trí agus a Ceathair) | Céim 4 (Rang a Cúig agus a Sé) |
|--|--|---|--|--|
| <i>Trí eispéiris chuí foghlama spráíúla agus tharraingteacha, ba cheart go mbeadh an páiste in ann</i> | | | | |
| Torthaí Foghlama | an méid a tharlaíonn nuair a fhoroinntear agus nuair a chónaisctear cáinníochtaí (tacair) a aithint agus a thuiscint. | réimse straitéisí suimithe agus dealaithe a roghnú, a úsáid agus a chur i láthair. | na ceithre oibríocht a thuiscint agus a chur i bhfeidhm go solúbtha; chomh maith leis na coibhneasa eatarthu. | cur le réimse straitéisí oibríochta agus an réimse céanna a roghnú agus a úsáid. |
| Coincheapa matamaiticiúla | Is féidir cainníochtaí (nó tacair) a roinnt nó a chur le chéile. | Is iad airíonna suntasacha an tsuimithe ná cómhalartach, comhthiomsaitheach, féiniúlacht an tsuimiúcháin agus dáileach. | Baineann airíonna cómhalartacha, comhthiomsaitheacha agus airíonna dáileacha le hoibríocht an iolrúcháin. | Tá meastachán agus slánú úsáideach chun réasúnaíocht na bhfreagraí a thástáil i gcomhair oibríochtaí atá níos casta. |
| | Déantar an uimhir (cainníocht) níos mó nuair a chuirtear uimhir aiceanta le huimhir aiceanta. Déantar an uimhir (cainníocht) níos lú nuair a bhaintear uimhir aiceanta as uimhir aiceanta. Is féidir é seo a chur in iúl mar bhogadh ar an uimhirlíne nó ar an 100-chearnóg. | Is féidir uimhreacha agus comharthaí a úsáid chun uimhir-abairtí a chruthú agus a chur in iúl. Is féidir leo cuidiú le fadhbanna a réiteach nó a bheith in úsáid chun comhthéacsanna a chur in iúl go matamaiticiúil. | Sainmhíniú amháin ar an iolrúchán is ea líon áirithe grúpaí den mhéid céanna. Is léiriú luath den iolrúchán é an suimiú leantach. | I gcás ríomh codánach agus deachúil, teastaíonn algartaim nua agus leasaithe de bharr go bhféadfadh go mbeadh sé deacair roinnt bríonna le hoibríochtaí slánuimhreach a chur i bhfeidhm. |
| | Ní athraíonn slánuimhir nuair a chuirtear náid leis an uimhir sin ná nuair a bhaintear náid aisti. | Bíonn orainn deiceanna a aistriú go haonaid, nó céadta go deiceanna nuair is gá agus uimhreacha á gcur le chéile nó á roinnt againn. | Tá na prionsabail a úsáidtear nuair atáthar ag déanamh oibríochtaí ar shlánuimhreacha an chosúil le haghaidh uimhreacha deachúla, agus teastaíonn machnamh ar an gcaoi chun an pointe deachúlach a láimhseáil. | Tá dhá fhachtóir ag uimhir phríomha - í féin agus a haon, tá trí fhachtóir nó níos mó ag uimhir ilchodach. Ní uimhir phríomha ná ilchodach atá i gceist le huimhir a haon. |
| | Tá gaol inbhéartach idir an suimiú agus an dealú. | Is íomhá mheabhrach den gaol atá idir uimhir agus na codanna a chuirtear le chéile chun í a chruthú atá i gceist le huimhir-fhíric. | Is féidir cur síos a dhéanamh ar roinnt mar an uimhir a scaradh i gcodanna agus i ngrúpaí cothroma, nó an dealú leantach uimhreach. | Is fachtóirí iad uimhreacha a iolraíonn faoina chéile chun toradh a thabhairt. |
| | | Is féidir le léirithe dealaithe athrú, comhlánú agus difríocht a chuimsiú. | Tá gaol inbhéartach idir an t-iolrú agus an roinnt. | Tagann iolraithe chun cinn de thoradh ar shlánuimhir a iolrú faoi shlánuimhir (bíodh an uimhir sin aiceanta nó diúltach). |
| | | | Is féidir le húsáid áireamháin fócas méadaithe ar straitéisí a lígean trí fhócas ríofa a laghdú. | |
| | | | | |